**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2019/2161(INI)**

18.3 2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Iascach

Iascairí amach anseo: glúin nua lucht saothair a mhealladh i dtreo na hiascaireachta agus fostaíocht a chruthú i measc pobal cósta (2019/2161(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Jarosław Duda

PA_Nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí, de réir Thuarascáil Eacnamaíoch Bhliantúil 2019 ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STEFC) maidir le cabhlach iascaireachta AE, go ndearnadh brabúsacht chabhlach AE a choinneáil in 2017, a cláraigh glanbhrabús EUR 1.3 billiún, agus go rabhthas ag dréim le feabhsú beag ar an bhfeidhmíocht le haghaidh 2019 mar gheall ar phraghsanna níos airde tabhairt i dtír agus praghsanna breosla agus rátaí úis a bheith íseal i gcónaí; de bhrí gurb é is aidhm don Chomhbheartas Iascaigh (CBI) a áirithiú go mbeidh iascaireacht agus dobharshaothrú inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de[1];

B. de bhrí gur thathantaigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún i rún an 27 Feabhra 2014[2] clár staidrimh sonrach a sheoladh do réigiúin atá ag brath ar an iascaireacht, agus aird ar leith á tabhairt ar iascaireacht cheardaíochta agus chósta, ar mhodhanna iascaireachta traidisiúnta agus ar bhealaí margaíochta sonracha, agus ar an obair, ar dhálaí sóisialta agus saothair bailitheoirí sliogéisc, déantóirí eangach agus oibrithe ceardaí ar mná iad in iascaigh agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara, agus é mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar na riachtanais shonracha a bhaineann le gníomhaíocht na mban agus feabhas a chur ar an aitheantas sóisialta a thugtar do na gairmeacha fíor-chrua sin;

C. de bhrí go raibh níos mó ná 150 000 iascaire in AE in 2017, agus gur measadh go raibh líon suntasach díobh – níos mó ná 25 % de réir roinnt measúnuithe – ag obair gan phá[3];

D. de bhrí gur mná iad líon suntasach daoine atá ag obair in earnáil an iascaigh, agus cé nach bhfuil mórán díobh ag obair go díreach ar shoithí iascaireachta, go bhfostaítear líon suntasach díobh ar tír, go minic go neamhfhoirmiúil, chun tacú le gníomhaíochtaí farraige, go háirithe i gcás na hiascaireachta ar mhionscála; de bhrí nach dtugtar aitheantas leordhóthanach fós do ról na mban, in ainneoin an méid suntasach a chuireann siad leis an earnáil;

E. de bhrí gur tugadh tuairiscí faoi chásanna de shaothar éignithe chomh maith le cásanna de ghníomhaíochtaí gáinneála ar dhaoine a bhaineann le tionscal na hiascaireachta[4];

F. de bhrí gur bacainní suntasacha iad ioncam íseal agus dothuartha, saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus dálaí oibre forbhásacha ar earnáil an iascaigh a dhéanamh tarraingteach d’oibrithe óga, rud a chuireann an t-aistriú ó ghlúin go glúin in

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, IO L 354 28.12.2013, lch. 22.

[2] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2014 maidir le gníomhaíochtaí sonracha sa Chomhbheartas Iascaigh chun ról na mban a fhorbairt, IO C 285, 29.8.2017, lch. 150.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2018 maidir leis an staid mar atá i ndáil leis an gComhbheartas Iascaigh agus an comhairliúchán faoi dheiseanna iascaireachta do 2019 (COM(2018)0452).

[4] an Oifig Idirnáisiúnta Saothair (OIS), *Caught at Sea: Forced Labour and Trafficking in Fisheries* [Gafa ar muir: Saothar Éignithe agus Gáinneáil ar Dhaoine in Iascaigh], 2013.

earnáil an iascaigh agus todhchaí thionscal na hiascaireachta ina iomláine i mbaol;

G. de bhrí go bhfuil méadú tagtha de réir a chéile ar an difríocht idir brabúsacht na hiascaireachta tionsclaíche agus brabúsacht na hiascaireachta ar mhionscála le blianta beaga anuas, agus gurb é an iascaireacht ar mhionscála is mó atá thíos, rud a fhágann go bhfuil laghdú mór tagtha ar an gcabhlach agus ar líon na n-iascairí araon;

H. de bhrí gurb ionann an cabhlach iascaireachta ar mhionscála agus níos mó ná 60 % de chabhlach iomlán na hEorpa, go gcuireann sé fostaíocht ar fáil do líon suntasach oibrithe agus go bhfuil sé ríthábhachtach don gheilleagar in ionaid shaoire bheaga cois cósta, ar limistéir iad a bhíonn faoi bhrú eacnamaíoch go minic;

I. de bhrí gur tháinig laghdú 1.3 % ar an meán in aghaidh na bliana ar an bhfostaíocht iomlán i gcabhlach iascaireachta an Aontais ó 2008, de dheasca laghduithe ar acmhainneacht an chabhlaigh iascaireachta go pointe[5]; de bhrí go bhfuil meánaois na n-iascairí i roinnt réigiún os cionn 50 bliain d'aois, agus i roinnt áiteanna os cionn 60 bliain d'aois, rud a léiríonn fadhb thromchúiseach na hathnuachana ó ghlúin go glúin a d'fhéadfadh leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta san Eoraip a chur i mbaol go luath amach anseo; de bhrí gur deacair d'iascairí óga todhchaí shlán a shamhlú agus gairm a phleanáil san earnáil sin; de bhrí gurb é a bhí i gcabhlach iascaireachta cósta an Aontais in 2018 ná 75 % dá chabhlach iascaireachta gníomhach agus 50 % den fhoireann ghníomhach; de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ar mhionscála imeallaithe; de bhrí in 2018 gur tharla beagnach dhá thrian de na tionóiscí marfacha uile a bhí ag an obair in AE-27 i dtógáil, iompar, stóráil, monarú, talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach[6];

J. de bhrí go bhféachtar le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN)[7] lena áirithiú nach dtagann iasc a ghabhtar go neamhdhleathach isteach in AE; de bhrí gur minic a bhíonn iascaireacht NNN agus sáruithe ar chearta an duine agus ar chearta saothair fite fuaite lena chéile; de bhrí go gceanglaítear ar Bhallstáit AE Coinbhinsiún EIS maidir le hObair san Iascaireacht (EIS C188) a dhaingniú le Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle[8];

K. de bhrí gur gnéithe tábhachtacha d'fhorbairt inbhuanaithe na réigiún cósta iad an turasóireacht chósta, an iascaireacht áineasa agus cur chun cinn na hoidhreachta cultúrtha;

L. de bhrí, de réir sonraí oifigiúla a d'fhoilsigh an Coimisiún in 2019, gurbh é meánaois chabhlach na hEorpa ná 29.9 mbliana d'aois agus go raibh sé chomh hard le 32.5 bhliain in iascaireacht ar mhionscála, rud a bhfuil tionchar suntasach aige ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na soithí agus ar leordhóthanacht agus nuashonrú a dtrealamh agus a gcaighdeán sábháilteachta;

M. de bhrí, in ainneoin go bhféadfadh an iascaireacht a bheith teoranta mar gheall ar athrú

[5] *Ibid* (COM(2018)0452).
[6] Eurostat: *accidents at work statistics* [staidreamh maidir le tionóiscí ag an obair], Samhain 2020.
[7] IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.
[8] IO L 25, 31.1.2017, lch. 12.

aeráide, go dtiocfaidh gníomhaíochtaí muirí nua chun cinn freisin, amhail feirmeoireacht mhacralgaí, feirmeacha gaoithe agus seirbhísí comhshaoil;

N. de bhrí gur bagairt thromchúiseach í iascaireacht NNN d'acmhainní muirí an domhain, toisc go ndéanann sí stoic éisc a laghdú, gnáthóga muirí a scriosadh, iomaíocht a shaobhadh, pionós a chur go héagothrom ar iascairí macánta agus slite beatha pobal cósta a chur i mbaol;

O. de bhrí gur tugadh faoi deara go bhfuil an cabhlach iascaireachta ag éirí níos comhchruinnithe ar fud na hEorpa[9];

P. de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach iascairí i mbailiú agus aistriú dramhaíola a ghabhtar ar muir i dtír ríthábhachtach chun bithéagsúlacht agus stoic éisc a chosaint agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, lena n-áirítear an slabhra luacha arna giniúint ag an dramhaíl sin a bhailítear ar muir;

1. á aithint go bhfuil réigiúin chósta agus na réigiúin is forimeallaí ag brath go stairiúil ar an iascach agus gur cheart dóibh leas a bhaint as tacaíocht airgeadais chun poist san earnáil iascaigh a chomhdhlúthú agus chun earnálacha nua a fhorbairt chomh maith le poist nua a chruthú, go háirithe in iascaigh ar mhionscála; á iarraidh ar na Ballstáit beartais spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun na poist atá ann cheana a chosaint, chun poist nua éagsúla a chruthú agus chun an digitiú a chur chun cinn; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé idirdhealú de chineál ar bith i margadh an tsaothair a chosc agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha agus do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste; ag tacú le comhúsáid Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chun sineirgí a chruthú, agus dúbláil á seachaint ag an am céanna;

2. á chur in iúl gur geal léi gur baineadh úsáid fhorleathan as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) chun ceantair chósta agus thuaithe a athbheochan trí oiliúint a chur ar dhaoine atá eisiata ón margadh saothair agus deiseanna fostaíochta atá saincheaptha do riachtanais aonair agus áitiúla, cruthú post agus riachtanais earnáilsonracha a sholáthar dóibh; á chur i bhfios go gcuireann an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) le hiascach agus leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe, agus le cuimsiú sóisialta, soghluaisteacht ó phost go chéile agus forbairt freisin;

3. á mheabhrú go n-éilítear leis an Straitéis Comhionannais Inscne do 2020-2025 go dtacóidh cistí ábhartha an Aontais le gníomhaíochtaí chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus cothromaíocht oibre is saoil na mban a chur chun cinn, infheistíocht i saoráidí cúraim a chur chun cinn, tacú le fiontraíocht na mban agus leithscaradh inscne a chomhrac;

4. á thabhairt chun suntais go mbeidh tionchar socheacnamaíoch ag Brexit ar thionscal na hiascaireachta agus ag tathant ar na Ballstáit cistiú AE a leithdháileadh chun tacaíocht a thabhairt do phoist, chun iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn sa tionscal;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh phráinneacha a sheoladh chun deireadh a chur

[9] An Coimisiún Eorpach, *Study on ownership and exclusive rights of fisheries means of production*, [Staidéar ar úinéireacht agus ar chearta eisiacha modhanna táirgthe iascaigh], Feabhra 2019.

le saothar éignithe agus gáinneáil ar dhaoine i dtionscal na hiascaireachta;

6. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchar suntasach eacnamaíoch agus sóisialta ag paindéim COVID-19 agus gur gá do na Ballstáit cistiú AE a leithdháileadh chun tacaíocht a thabhairt do chosaint agus cruthú post in earnáil an iascaigh agus sa gheilleagar gorm; á chur i bhfáth gur gá go gcuirfeadh na cistí sin gníomhaíochtaí chun cinn lena dtugtar aghaidh ar thionchair chomhthaobhachta na géarchéime sláinte ar ghrúpaí leochaileacha agus ar shainriachtanais sláinte agus gur gá gurb é is aidhm dóibh rochtain leanúnach ar gach seirbhís cúraim sláinte a áirithiú;

7. ag cáineadh go láidir gach fuathchaint agus gach gníomhaíocht naimhdeach i gcoinne iascairí; á mheabhrú go gcomhlíonann iascairí na hEorpa na caighdeáin is airde ar domhan ó thaobh chosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta de, gur léirigh siad go bhfuil siad tiomanta don tosaíocht sin trí iad féin a chur in oiriúint go leanúnach do rialacháin nua agus dhiana, agus, cé go bhfuil beartais Eorpacha fós á bhfeabhsú, go bhfuil an gá le bainistiú speiceas réasúnta curtha san áireamh in CBI le blianta fada; á iarraidh go dtabharfaí urraim fhrithpháirteach do ghairm na n-iascairí, agus luach daonna agus cultúrtha a gcuid oibre á chur san áireamh, do chineál straitéiseach na hoibre sin maidir lenár neamhspleáchas bia, agus don mhéid a chuireann sí le tomhaltas bia sábháilte agus sláintiúil agus le heolas agus cosaint an chomhshaoil mhuirí;

8. á thabhairt chun suntais gur thuairiscigh na Ballstáit ag deireadh 2019 gur caitheadh EUR 153 milliún faoin gcatagóir iascaireachta agus dobharshaothraithe; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach bhfuil na sonraí a bhailítear ionadaíoch toisc nach sonraíonn na Ballstáit na cistí beachta a leithdháiltear ar an earnáil mhuirí, iascaigh agus dobharshaothraithe agus aghaidh á tabhairt ar na riachtanais réigiúnacha i dtéarmaí oideachais, oiliúna, fostaíochta agus cuimsithe;

9. á chur in iúl gur geal léi na buntáistí atá ann mar thoradh ar athruithe straitéiseacha in AE, go háirithe na haistrithe glasa agus digiteacha, agus go bhfuiltear ag dréim leis go gcosnófar na poist atá ann cheana agus go gcruthófar poist nua ardcháilíochta i gcríocha a bhraitheann go mór ar an iascach agus go gcuirfear dlús breise lena bhforbairt eacnamaíoch; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé gairmeacha traidisiúnta in earnáil an iascaigh a chosaint, toisc go gcuireann siad go mór le dea-bhail shocheacnamaíoch na bpobal cósta, lena gcuirtear le forbairt áitiúil, caomhnú agus cruthú post go réamhtheachtach agus go hiartheachtach araon, soláthairtí d’éisc úra agus caomhnú na gcultúr áitiúil traidisiúnta; á chreidiúint go bhfuil gníomhaíocht iascaireachta cois cladaigh ríthábhachtach, lena n-áirithítear ní hamháin go gcosnaítear éagsúlacht chultúrtha sna réigiúin lena mbaineann ach go mairfidh na pobail chósta ar fad freisin; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá a bheith i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a chur ar chumas iascairí dul in oiriúint do na hathruithe a eascraíonn as na haistrithe sin;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a sheoladh chun obair na mban san iascach a aithint agus chun íocaíocht chomhionann d’fhir agus mná a bhaint amach;

11. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rochtain chothrom agus chuimsitheach a

thabhairt d'oibrithe in earnáil an iascaigh, go háirithe daoine óga agus daoine a bhfuil suim acu san obair sin, ar chomhairleoireacht, ar intéirneachtaí íoctha ar ardcháilíocht, agus ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, lena n-áirítear maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, cosaint an chomhshaoil mhuirí, acmhainní agus limistéir chladaigh, cáilíocht na ngabhálacha agus oiliúint mhargaíochta agus bhainistíochta, rud a chuireann ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint do threochtaí nua sa mhargadh amhail bia orgánach, slabhraí soláthair gairide, sainturasóireacht, agus táirgí áitiúla a dhíol agus a chur chun cinn trí teicneolaíochtaí nua a úsáid; á dhearbhú go bhfuil oideachas agus oiliúint iomchuí agus shonrach ríthábhachtach chun daoine óga a spreagadh chun gníomhaíochtaí agus traidisiúin iascaireachta cósta a chothú; á chur i bhfáth gur gá an fhaisnéis ábhartha ar fad a chur ar fáil do dhaoine óga agus béim a leagan ar fhorbairtí gairme a d'fhéadfadh a bheith ann ionas go mbeidh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh in earnáil an iascaigh; á spreagadh go dtabharfaí tacaíocht airgeadais comhcheangailte breise ó chistiú AE do na cúrsaí oiliúna sin, don chomhairleoireacht, d'intéirneachtaí agus don ghairmoideachas do gach iascaire le linn na seachshéasúr iascaireachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht idir na bealaí oiliúna sna Ballstáit agus go n-áirítear leo an cur chuige traidisiúnta trí eolas a aistriú ó thuismitheoirí go leanaí, agus (ard)oideachas foirmiúil gairmiúil araon, agus go mbíonn ábhar na gclár oiliúna agus oideachais a chuirtear ar fáil éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus uaireanta fiú laistigh díobh[10];

12. ag tabhairt dá haire gur féidir ról tábhachtach a bheith ag oiliúint d'iascairí maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí iascaireachta agus rannchuidiú na ngníomhaíochtaí sin a threisiú chun an dúlra a chosaint agus chun tacú le teicnící iascaireachta níos inbhuanaithe a chur chun feidhme agus a úsáid, i gcomhréir le cuspóirí CBI maidir le saothrú inbhuanaithe acmhainní;

13. á mheabhrú go ndéanfaidh aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí agus teastais sábháilteachta muirí laistigh de AE méadú ar an tsoghluaisteacht foirne, agus na gairmeacha beatha muirí a dhéanamh níos tarraingtí don ghlúin níos óige; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart go dtiocfadh ualaí iomarcacha airgeadais agus maorlathacha as aitheantas a thabhairt do theastais;

14. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na difríochtaí suntasacha idir dálaí maireachtála agus oibre na n-iascairí atá fostaithe in iascaigh mhórscála agus iad siúd atá ag obair in iascaigh ar mhionscála; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, gníomhaíocht chomhbheartaithe ghasta a dhéanamh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don iascaireacht ar mhionscála agus í a athbheochan, a bhfuil sé cruthaithe ina leith, ina theannta sin, go bhfuil sí níos inbhuanaithe ná iascaireacht thionsclaíoch agus dhian ar mhórscála, chomh maith le bheith ina cholún bunúsach den gheilleagar agus d'fhéiniúlacht bailte beaga cois cósta;

15. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an leanúnachas i ngairmeacha beatha agus, sa chomhthéacs sin, cruthú agus coinneáil post; á mheabhrú go mba cheart tacaíocht a thabhairt d'iascairí leanúint ar aghaidh lena ngairm ar tír, mura bhfuil siad in ann a bheith ag obair ar muir a thuilleadh de bharr cúiseanna sláinte, athruithe ar mhargadh an tsaothair nó cúinsí eile; á chreidiúint go mba cheart do chistí AE, CSE go háirithe,

[10] Páipéar cúlra an Choiste um Iascach, *Iascairí amach anseo: Spéis ghlúin nua oibrithe a mhúscailt i dtionscal na hiascaireachta agus fostaíocht a chruthú do phobail chósta,* 2020, lch. 10.

tacaíocht a thabhairt dá n-aistriú gairmiúil rianúil, lena n-áirítear trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil;

16. á mheabhrú gurb é beartas comhtháthaithe uirlis an Aontais do bheartas infheistíochta chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha a laghdú; á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, go háirithe CEMID, mar uirlis chun páirt a thabhairt do na saoránaigh ar an leibhéal áitiúil ó thaobh freagairtí do na dúshláin atá roimh earnáil an iascaigh a fhorbairt; á aithint go bhféadfadh CEMID tacaíocht an Aontais d'iascairí a neartú tuilleadh chun trealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú, agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le bithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí agus cósta a chosaint agus a athbhunú agus leis an straitéis Eorpach maidir le hábhair plaisteach i ngeilleagar ciorclach a chur chun feidhme;

17. ag spreagadh, ina theannta sin, breis tacaíochta do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh (FLAG) a bhfuil rath orthu, an leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu agus faireachán níos fearr a dhéanamh orthu, agus cuspóirí an gheilleagair shóisialta á gcur san áireamh, chun straitéisí forbartha áitiúla a chur chun cinn i dtáirgeadh bia, úsáid acmhainní nádúrtha a fheabhsú, pobail iascaireachta a dhéanamh níos tarraingtí trí bhorradh a chur faoi sheirbhísí agus faoin gcultúr, chomh maith le poist a chruthú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go mba cheart do chistí AE tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na straitéisí sin;

18. á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé tacú le margaí nua a dhíolann éisc agus táirgí mara eile, amhail seachtháirgí iascaigh is féidir a bhaint agus a sholáthar don mhargadh neamhbhia, agus, ar an gcaoi sin, úsáid na n-acmhainní a bharrfheabhsú, iascach inbhuanaithe a chur chun cinn agus dramhaíl a laghdú san earnáil; á iarraidh go ndéanfaí simpliú ar cheanglais riaracháin agus theicniúla, i gcomhréir le forálacha sláinte agus sábháilteachta, maidir le margaí áitiúla d'éisc úra a fhorbairt chun borradh a chur faoi mhargaíocht dhíreach agus faoi sheirbhísí seachadta go doras, go háirithe do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), toisc go bhféadfadh sé sin cur ar chumas an phobail áitiúil cion níos airde de luach a ghabhálacha a choinneáil;

19. á iarraidh ar na Ballstáit tacú leis an iascaireacht inbhuanaithe ar mhionscála trí bheartais an gheilleagair shóisialta, chun SDG 14 a chur chun feidhme; á iarraidh ar na Ballstáit, ina theannta sin, tacú leis an togra ón gCoimisiún maidir le Córas Rialaithe Iascaigh an Aontais chun na forálacha inrianaitheachta atá ann cheana a neartú agus chun deimhniú tionscnaimh a fheabhsú, toisc go bhféadfadh siad rannchuidiú le bainistiú níos inbhuanaithe ar acmhainní agus margaí a bhfuil luach níos airde ag baint leo a oscailt;

20. á spreagadh go ndéanfaí digitiú breise ar an earnáil, lenar cheart comhar níos fearr idir iascairí agus custaiméirí a éascú, agus ar an gcaoi sin inrianaitheacht táirgí iascaireachta a mhéadú agus bainistiú níos fearr ar stoic éisc a áirithiú; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go mbaineann luach leis an rochtain ar oiliúint, a bhféadfaí tacú léi le cistí AE;

21. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di sláinte fhisiciúil agus mheabhrach na n-oibrithe

sa tionscal iascaireachta, rud a chuirtear i mbaol go minic ní hamháin leis an gcontúirt bhunúsach a bhaineann le bheith ag obair ar na farraigí, ach freisin le húsáid soithí nach gcomhlíonann na rialacháin sábháilteachta reatha, rud a mhéadaíonn a neamhchosaint ar thionóiscí a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear tionóiscí tromchúiseacha; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na húdaráis inniúla dálaí oibre sábháilte agus cuibhiúla a áirithiú do gach oibrí san earnáil chomh maith le machaire comhréidh agus iomaíocht chóir i measc cuideachtaí iascaireachta ar fud an domhain gan caighdeáin Eorpacha a laghdú; á iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil chun feabhas a chur ar shábháilteacht na gcabhlach agus ar dhálaí oibre i gcomhréir le ceanglais inbhuanaitheachta chomhshaoil agus le béim ar leith ar an iascaireacht ar mhionscála, go háirithe sna réigiúin oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí, áiteanna ina mbíonn meánaois na soithí i bhfad níos airde ná in iascaigh thionsclaíocha; á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh ón gCoimisiún féachaint le teacht ar chomhaontú maidir le sábháilteacht soithí iascaireachta;

22. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid na n-iascairí i Muir Bhailt; á chur i bhfáth gur gá stoic éisc a atógáil i Muir Bhailt; á iarraidh ar na Ballstáit poist atá ann cheana a chosaint;

23. á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag gach oibrí sa tionscal iascaireachta ceardchumannú agus á mheabhrú don Choimisiún a ráiteas ‘gur cheart don chómhargáil a bheith ina caighdeán óir ar fud na mBallstát uile’[11];

24. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an lucht saothair a bheith ag dul in aois in earnáil an iascaigh, agus á iarraidh go mbeadh dreasachtaí ann chun an ghlúin óg a mhealladh; á iarraidh ar na Ballstáit an t-athrú glúine a chur chun cinn trí thacú le daoine ar mian leo tús a chur le gairm in earnáil an iascaigh agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an costas ard a bhaineann le gnó a thosú i dtús báire, na modhanna chun deiseanna iascaireachta a leithdháileadh, éagobhsaíocht ioncaim, comhionannas inscne agus éiginnteacht faoi ré gairme; á chur in iúl gur geal léi tionscadail arna maoiniú ag AE chun caidreamh a bhunú le daoine óga trí chláir shaincheaptha, amhail an tionscnamh cistithe faoi CEMID maidir le soithí a fháil den chéad uair, agus iad a spreagadh dul i dtreo gairm in earnáil an iascaigh[12]; ag tabhairt dá haire gur cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar shaincheist an phá agus an ioncaim chuibhiúil in earnáil an iascaigh; á iarraidh ar STEFC táscairí a bhaineann le cuspóirí sóisialta uileghabhálacha a chomhtháthú laistigh de CBI, go háirithe maidir le cosaint oibrithe, oideachas agus oiliúint, tuilleamh agus sábháilteacht;

25. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag mná in earnáil an iascaigh, a ndéantar dearmad air go minic nó nach bhfuil le feiceáil go forleathan, ach atá ríthábhachtach sa tacaíocht lóistíochtúil agus riaracháin do shoithí iascaireachta agus i margaíocht agus próiseáil na n-iasc; á chur i bhfios go láidir nach mór go n-áiritheofaí comhionannas inscne le gníomhaíochtaí chun daoine óga a mhealladh chun gníomhaíochtaí iascaireachta agus nach mór ról na mban i dtionscal iomlán na hiascaireachta a chur san áireamh, ó

---

[11] Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach, *Advancing the EU social market economy: adequate minimum wages for workers across Member States* [Geilleagar margaidh shóisialta an Aontais a chur chun cinn: Íosphá leordhóthanach d’oibrithe ar fud na mBallstát], an 28 Deireadh Fómhair 2020.

[12] Féach, mar shampla, tionscadail amhail *Blå omsorg* [Cúnamh gorm] – *servicemodell för utsatta barn och unga I Österbotten* san Fhionlainn.

ghabháil éisc go bainistiú soithí, dobharshaothrú, margaíocht agus próiseáil táirgí iascaigh, chomh maith leis an ról atá acu san eolaíocht agus sa riarachán;

26. á iarraidh go gcuirfear Airteagal 17 de Rialachán CBI chun feidhme ina iomláine, chun athnuachan glúine a áirithiú agus líon leordhóthanach deiseanna iascaireachta a chur ar fáil d'iascairí óga;

27. á thabhairt chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil earnáil an iascaigh chun glúin nua iascairí a mhealladh agus chun cobhsaíocht eacnamaíoch fhadtéarmach a sholáthar don earnáil;

28. á mheas go mbeadh níos mó cuimsithe shóisialta mar thoradh ar thimpeallacht oibre inrochtana a áirithiú, lena n-áirítear laistigh d'earnáil an iascaigh, chun iascairí gníomhacha agus iariascairí araon agus oibrithe eile sa tionscal iascaireachta atá faoi mhíchumas fisiciúil nó foghlama a athimeascadh sa mhargadh saothair, agus go gcabhrófaí le breis dreasachtaí a chruthú do ghiniúint ioncaim in earnáil an iascaigh agus i bpobail iascaireachta mar thoradh air sin;

29. á iarraidh ar na húdaráis inniúla tacú le rochtain ar iascaireacht oiriúnaitheach agus ar threalamh lasmuigh do dhaoine faoi mhíchumas; á iarraidh go gcruthófaí bunachar sonraí Eorpach chun tionóiscí ceirde in earnáil an iascaigh a thuairisciú;

30. ag tarraingt aird ar an tionchar dothuartha a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar earnáil an iascaigh, go háirithe i limistéir chósta, ina bhfuil na cabhlaigh iascaireachta is mó a ndéantar difear dóibh lonnaithe; á mheas go ndéanfaidh an tionchar sin difear ní hamháin do shoithí iascaireachta agus dá n-iascairí, ach don phobal ar fad agus d'fhostaíocht i limistéir chósta;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 17.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Margarita de la Pisa Carrión, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Radka Maxová, Sandra Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Marie-Pierre Vedrenne, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Johan Danielsson, Jeroen Lenaers, Pierfrancesco Majorino, Alin Mituța, Eugenia Rodríguez Palop, Anne Sander |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 51 | + |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Rafalska, Beata Szydło, Margarita de la Pisa Carrión, Lucia Ďuriš Nicholsonová |
| ID | Dominique Bilde, France Jamet, Elena Lizzi, Stefania Zambelli |
| NI | Daniela Rondinelli |
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Jeroen Lenaers, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Anne Sander, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Radka Maxová, Alin Mituța, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Johan Danielsson, Estrella Durá Ferrandis, Heléne Fritzon, Alicia Homs Ginel, Pierfrancesco Majorino, Manuel Pizarro, Marianne Vind |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Marc Botenga, Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Nicolaus Fest, Guido Reil |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh